

COMÓRTAS PÓSTAEIR IN AGHAIDH AN BHRUSCAIR DO SCOILEANNA 2026

Spríodhata
Dé hAoine,
an 20 Márta
2026

AN-CHUID DUAISEANNA!

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tabhairt cuireadh do scoláirí laistigh dá limistéar feidhme páirt a ghlacadh i gcomórtas Póstaeir In Aghaidh an Bhruscair mar chuid de Chlár In Aghaidh an Bhruscair 2026 de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Dear do Phóstaer Frithbhruscair chun aghaidh a thabhairt ar cheann de na fadhbanna seo a leanas:

1. **Cuir Stop le Bruscar inár mBailte agus inár Sráidbhailte**
(Is iad coisithe is cúis le 20% de bhruscar)
2. **Bruscar ar thaobh an Bhóthair**
(Is iad tiománaithe is cúis le beagnach 40% de bhruscar)
3. **Bruscar ar an Trá**
(Is iad toitíní, páipéir mhilseáin, clúdaigh mhearbha, agus cupáin chaife na hearraí bruscair is coitianta)
4. **Bruscar a bhaineann le Toitíní**
(baineann leath den bhruscar ar fad le toitíní)
5. **Salú ag Madraí**
(bionn salú ag madraí ina chúis le rioscaí tromchúiseacha sláinteachais agus sláinte)
6. **Cuir do ghuma coganta sa bhruscar nuair atá tú críochnaithe**
(Is guma coganta 7.3% den bhruscar a taifeadh)



DUAISEANNA DE GHRÚPA AOISE

BUNSCOIL

Bronnfar duaiseanna sa 1ú, 2ú agus 3ú háit agus duaiseanna sa dara háit ar Naíonáin Shóisearacha, Naíonáin Shinsearacha, Rang 1, Rang 2, Rang 3, Rang 4, Rang 5, agus Rang 6.

MEÁNSCOIL

Bronnfar duaiseanna sa 1ú, 2ú agus 3ú háit agus duaiseanna sa dara háit ar Ranganna sa 1d Bhliain, 2ra Bliain, 3ú Bliain, 4ú Bliain, 5ú Bliain agus 6ú Bliain.

BUAITEORAÍ FORIOMLÁNA

- Roghnófar buaiteoir foriomlán amháin sna catagóirí Bunscoile agus Meánscoile.
- Roghnófar buaiteoir foriomlán amháin i ngach téama.

SEARMANAS BRONNTA

Socrófar searmanas bronnta duaiseanna inar bhfaighidh na buaiteoirí uile a gcuid duaiseanna agus gur féidir leo na hiontrálacha buacacha go léir a fheiceáil.

CONAS IONTRÁIL A DHÉANAMH

Seol póstaer ar aghaidh tríd an bpost nó seachadta go pearsanta chuig Mark Molloy, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91H6KX roimh 4i.n. Dé hAoine, an 20 Márta 2026.

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

1. Is é an spríodhata don chomórtas seo ná Dé hAoine, an 20 Márta 2026. Ní chuirfear iontrálacha a chuirfear isteach tar éis an dáta deiridh san áireamh.
2. Níor chóir go mbeadh póstaer níos mó ná A3.
3. Tá fáilte roimh níos mó ná iontráil amháin ó rang.
4. Caithfidh iontrálaithe Ainm an scoláire, ainm na Scoile, ríomhphost teagmhála na Scoile, agus Rang a chur san áireamh ar chúl an phóstaeir.

5. D'fhéadfaí póstaer a chuirtear isteach a úsáid i bhfeachtais in aghaidh an bhruscair sa Chontae amach anseo.
6. Roghnófar na buaiteoirí as gach iontráil a fhaightear i ngach cuid.
7. Déanfar breithiúnas ar iontrálacha an chomórtais tar éis an dáta deiridh.
8. Tá gach cinneadh a dhéanann an Painéal Breithiúnachta críochnaitheach.
9. Déanfar teagmháil dhíreach leis na scoileanna a n-éiríonn leo.
10. Ní rachfar i dteagmháil le hiontrálacha nár éirigh leo maidir le toradh an chomórtais.

Tá tú ag cur do chuid eolais ar fáil don Rannóg Comhshaoil, Comhairle Chontae na Gaillimhe, a riarfaidh agus a dhéanfaidh moltóireacht ar an gcomórtas. Foilseofar ainmneacha na mbuaiteoirí ar líne agus sonrófar ar fud na gcainéal meán sóisialta nó na meán clóite. Ní mór don Bhuaitheoir aontú gur féidir a n-ainm, a n-íomhá agus a n-iontráil a bheith úsáidte in aon ábhar poiblíochta. Úsáidfear aon sonraí pearsanta a bhaineann leis an mbuaiteoir, nó aon iontrálaithe eile de réir na reachtaíochta reatha um chosaint sonraí agus ráiteas príobháideachais Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá ar fáil le feiceáil ag

<https://www.galway.ie/ga/comhshaol/raiteas-priobhaideachais>

Ní nochtfar aon fhaisnéis do thríú páirtí gan toiliú an iontrálaí roimh ré.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

